# DO CHLÚ AR LÍNE A BHAINISTIÚ

## webwise.ie SEICLIOSTA

**Is é do lorg digiteach an taifead a fhágann tú i do dhiaidh agus tú ar líne. Sa thaifead seo tá d'idirghníomhaíochtaí ar líne, aon eolas agus ábhar a roinneann tú, agus chomh maith le hábhar a roinneann daoine eile. Is féidir le lorg digiteach íomhá duit féin a thógáil ar líne, úsáid an seicliosta seo chun cabhrú leat do chlú ar líne a bhainistiú.**

**SEICEÁIL DO SHOCRUITHE:** Tá réamhshocruithe poiblí ag an gcuid is mó de na meáin shóisialta, mar sin is féidir le gach duine féachaint ar ár ngrianghraif, ar an méid a roinnimid agus an méid faoina labhraímid. Seiceáil go rialta do shocruithe príobháideachais ar do chuntais shóisialta agus ar aipeanna. Molaimid an socrú 'cairde amháin' a roghnú do do phróifíl ar líne.

**DÉAN CUARDACH ORT FÉIN AR LÍNE:** Déan cuardach gasta ort féin ar líne. Má thagann tú ar rud nach dtaitníonn leat, déan tuairisc air leis an suíomh gréasáin nó leis an óstach líonra ag iarraidh go mbeadh an t-ábhar bainte.

**DÍGHNÍOMHACHTAIGH SEANCHUNTAIS:** Bíonn na meáin shóisialta ag athrú go gasta, tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar sheanchuntais atá againn. Mura bhfuil tú ag úsáid cuntais, déan scrios air nó díghníomhachtaigh é, cabhraíonn sé sin chun bac a chur ar do chuntais/phróifíl a haiceáil.

**BAIN SÚP AS AN AM A CHAITHEANN TÚ AR LÍNE:** Is féidir leis an méid a dhéanaimid ar líne a bheith dár leanúint, déan cinnte go mbeidh tionchar dearfach agat. Má tá spéis agat a bheith ag scríobh blag, ag cur leis an bhfeasacht faoi rud atá tábhachtach duit nó a bheith mar an chéad Bill Gates eile... tá neart deiseanna ann!

**SMAOINIGH SULA nDÉANANN TÚ POSTÁIL:** Sula ndéanann tú postáil, clic ar "is maith liom", trácht ar rud nó tvuít... cuir an cheist ort féin, an rud é seo a bhfuil tú sásta go mbeidh gach duine in ann féachaint air? Mura bhfuil tú cinnte faoi rud, úsáid an múnla SMAOINIGH? ag postáil rud ar líne >>> Cuir ort an cheist an bhfuil sé Fíor? An bhfuil sé Cabhrach? An bhfuil sé Dleathach? An bhfuil sé Riachtanach? An bhfuil sé Cineálta?